


A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi aip nua Ghaeilge, Geabaire, a chabhraíonn le páistí a bhfuil uathachas (*autism*) orthu – agus le páistí atá ar bheagán cainte (*minimally verbal*) – cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
aip teicneolaíocht cumarsáid	<i>thanks to</i> <i>situated</i> <i>symbols</i>

1. Cad iad na haipeanna a úsáideann tú gach lá? Cé acu is fearr leat agus cén fáth?
(aipeanna meán sóisialta / aipeanna ceoil ...)
2. Cad iad na bealaí éagsúla a ndéanann daoine cumarsáid le chéile?
(labhairt, comharthaí láimhe, *emojis*, scríobh, lena súile ...)
3. Conas a mhothaíonn tú nuair nach mbíonn na focail chearta agat chun páirt a ghlacadh i gcomhrá?
(Mothaím neirbhíseach / fágtha ar leataobh; bíonn náire/frustrachas orm.)



B: FOCLÓIR

- Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
forbartha siombailí a bhuíochas do go sonrach taighdeoirí urlabhra		gléas cainte rochtain chothrom lárnach mionteangacha ar an imeall lonnaithe	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

- Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile.
- Cad is brí le gach focal nó frása thíos? Roghnaígh a, b nó c.

1. forbartha a. <i>funded</i> b. <i>developed</i> c. <i>launched</i>	2. siombailí a. <i>signals</i> b. <i>sounds</i> c. <i>symbols</i>	3. a bhuíochas do a. <i>thanks to</i> b. <i>in spite of</i> c. <i>according to</i>
4. go sonrach a. <i>quickly</i> b. <i>specifically</i> c. <i>successfully</i>	5. taighdeoirí a. <i>teachers</i> b. <i>designers</i> c. <i>researchers</i>	6. urlabhra a. <i>speech</i> b. <i>language</i> c. <i>hearing</i>
7. gléas cainte a. <i>sign language</i> b. <i>speech device</i> c. <i>speech therapy</i>	8. rochtain chothrom a. <i>equal rights</i> b. <i>easy access</i> c. <i>equal access</i>	9. lárnach a. <i>central</i> b. <i>leading</i> c. <i>helpful</i>
10. mionteangacha a. <i>dialects</i> b. <i>minority languages</i> c. <i>sign languages</i>	11. ar an imeall a. <i>on the margins</i> b. <i>on edge (nervous)</i> c. <i>at the centre</i>	12. lonnaithe a. <i>raised</i> b. <i>born</i> c. <i>based</i>

Breacaigh isteach na leaganacha Béarla cearta sa tábla faoi cheist 1 thuas.

- Cad is brí leis an bhfrása: **ionas go**? A, B nó C?

A. *same as that* B. *in order that* C. *in that order*

- Cé acu de na focail thíos an ceann corr? A, B, C nó D?

A. *guth* B. *urlabhra* C. *siombail* D. *caint*

C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cár forbraíodh an uirlis nua?
2. Cad is féidir le Conall a dhéanamh anois, a bhuíochas do Gheabaire?
A. Is féidir leis léamh agus scríobh i nGaeilge. B. Is féidir leis labhairt lena chairde agus lena mhuintir. C. Is féidir leis aipeanna eile a úsáid.
3. Is é Conall an t-aon duine de pháistí Julia a úsáideann gléas cainte.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
4. Cén tslí a gcuideoidh Geabaire le páistí Julia a bheith páirteach san oideachas trí Ghaeilge?
Beidh siad in ann ...
5. Tá Julia ag déanamh PhD anois faoi úsáid na huirlise i mionteangacha eile.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
6. Cén tionchar a bhíonn ag an ngléas ar an rang, dar leis an bpríomhoide?
A. Tagann na páistí eile chuig Conall. B. Bíonn Conall ag obair leis féin níos minice. C. Bíonn an rang níos ciúine.
7. Cad atá tábhachtach, dar le Neasa Ní Chiaráin?
A. Go bhfuil an aip ar fáil sna Gaeltachtaí ar fad. B. Go bhfuil canúint Chiarraí ag gach duine. C. Go mbeadh guth an pháiste cosúil le guth a chairde ar scoil.
8. Cé mhéad a chosnaíonn Geabaire?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-ainm briathartha le cuspóir)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Léigí na habairtí thíos agus cuirigí líne faoi gach ainm briathartha. Cad a thugann sibh faoi deara faoi ord na bhfocal?

- Cabhraíonn an aip le leanaí focail a chur le chéile agus abairtí Gaeilge a chumadh.
- Chuaigh sí i dteagmháil leis na taighdeoirí chun leagan Gaeilge den aip a fhorbairt.

b) Roghnaigí an leagan ceart de na frásaí idir lúibíní chun na habairtí a chríochnú.

- i. Bíonn Conall (ag úsáid an ghléis / an gléas a úsáid) gach lá.
- ii. Ba mhaith le Julia (ag aistriú an chórais / an córas a aistriú).
- iii. Bhí na páistí (ag cur ceisteanna / ceisteanna a chur) ar Chonall.
- iv. Anois is féidir le Conall (ag labhairt Gaeilge / Gaeilge a labhairt).
- v. Tá na taighdeoirí (ag forbairt aipeanna nua / aipeanna nua a fhorbairt).

c) Bainigí úsáid as na focail idir lúibíní chun na bearnaí a líonadh. Cuirigí an cuspóir (**páirt**) roimh an mbriathar agus cuimhnigí ar an séimhiú i ndiaidh **a (a ghlacadh)**.

- i. Ba mhaith le Conall **páirt a ghlacadh** sa rang. (páirt / glac)
- ii. Tá Julia ag iarraidh _____. (an córas / feabhsaigh)
- iii. Is féidir leis an aip _____ do pháistí. (guth / tabhair)
- iv. Caithfidh na taighdeoirí _____. (aip nua / forbair)
- v. Ní féidir liom _____ le chéile. (na focail / cuir)
- vi. An féidir leat _____? _____ (an focal sin / fuaimnigh)
- vii. Ba bhreá liom _____. (teanga nua / foghlaim)
- viii. Bíonn sé deacair _____ ar maidin. (an ríomhaire / oscail)

d) Críochnaigh na habairtí fút féin:

- Ba mhaith liom _____ a _____ i mbliana.
- Ní féidir liom _____ a _____ fós, ach tá mé ag foghlaim.
- Ba bhreá liom aip a chabhródh liom _____ a _____.

2: Cruinneas gramadaí (Tinnis & mothúcháin)

Cé acu abairt den dá abairt thíos atá ceart? Cén fáth?

Tá tinneas cinn orm

vs.

Tá tinneas cinn agam

E: CUMARSÁID

1: Caint

a) Cluiche: Siombailí amháin

Bígí ag obair i ngrúpaí. Caithfidh sibh teachtaireachtaí a thabhairt dá chéile trí shiombailí a tharraingt. Níl cead ag an duine atá ag tarraingt focal a rá. Rialacha an chluiche:

- Tógfaidh Duine A teachtaireacht amháin amach as an gclúdach litreach. Caithfidh an duine sin pictiúir agus siombailí a tharraingt chun an teachtaireacht sin a chur in iúl. Níl cead ag an duine sin aon fhocal a rá. Tá cead acu figiúirí (1, 2, 3 ...) agus siombailí (?, ✓, x, ...) a úsáid.
- Caithfidh na daoine eile sa ghrúpa an méid atá duine A ag iarraidh a chur in iúl a thuiscint. Tá cead ag na daoine eile a bheith ag caint agus a bheith ag cur ceistanna chun an teachtaireacht a thomhas. Mar shampla:

An teachtaireacht: Tá ocras orm agus ba mhaith liom ceapaire cáise a ithe.

Duine A: Tarraingíonn siad duine le lámh ar a bholg, ceapaire le bloc mór cáise ann agus croí, mar shampla.

Duine B: Tá pian i do bholg?

Duine A: Croitheann siad an ceann le 'Níl' a chur in iúl.

Duine C: Tá ocras ort?

Duine A: Claonann siad an ceann le 'Tá' a chur in iúl.

Duine B: Ba mhaith leat bugar cáise a ithe?

Duine A: Croitheann siad an ceann le 'Níor mhaith' a chur in iúl.

Duine C: Tá ocras ort agus ba mhaith leat ceapaire cáise a ithe.

Duine A: Sin é!

- Tógfaidh Duine B teachtaireacht amach as an gclúdach litreach agus leanfaidh an cluiche ar aghaidh mar sin.



- Samhlaígí go bhfuil sibh ag cur aip le chéile chun cuidiú le cara libh atá ar bheagán cainte. Féachaigí ar na suímh thíos ina n-úsáidfí an cara sin an aip.

ar scoil / i gcaifé / ag cóisir / ag cluiche spóirt / ar thuras scoile / sa bhaile le cairde

- Cumaigí abairt/ceist a bheadh úsáideach i ngach cás.
Mar shampla: *Ar scoil – An bhfuil obair bhaile againn?*
- Cruthaigí íomhá chun an abairt sin a léiriú.



2: Scríobh

Tá scornach thinn ort agus níl tú in ann labhairt inniu. Scríobh nóta (thart ar 10 líne) chuig duine de do mhuintir. Inis dó/di:

- cad atá cearr leat
- conas a mhothaíonn tú
- cad atá uait (deoch, leigheas, rud éigin le hithe ...)
- cad ba mhaith leat a dhéanamh níos déanaí

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Eimear Ní Chonaola

Tá uirlis nua Ghaeilge forbartha i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath a chuideos¹ le leanaí a bhfuil uathachas orthu leis an nGaeilge agus le páirt níos iomláine a ghlacadh sa scoil agus sa bpobal². Tá an aip Geabaire bunaithe ar shiombailí a chabhraíonn le leanaí nach labhraíonn – nó atá ar bheagán cainte – focail a chur le chéile agus abairtí Gaeilge a chumadh.

Peadar Mac Gaoithín

Deich mbliana d'aois atá Conall Mac Con Iomaire. Tá uathachas air agus tá sé ar bheagán cainte. Ach a bhuíochas do Gheabaire, an chéad uirlis tacaíochta cumarsáide bunaithe ar shiombailí atá deartha go sonrach don Ghaeilge, tá sé ábalta labhairt lena chairde agus a mhuintir anois. Cuireadh tús le Geabaire nuair a chuaigh máthair Chonaill i dteagmháil le taighdeoirí ag *Abair* i gColáiste na Tríonóide, féachaint an bhféadfaí leagan Gaeilge d'aip a dhéanann urlabhra a fhorbairt.

Julia Cummins, máthair Chonaill

Chuaigh mé i dteagmháil le h*Abair* mar úsáideann beirt de mo pháistí gléas cainte. Theastaigh uaim go mbeadh siad féin agus páistí cosúil leo in ann páirt iomlán a ghlacadh san oideachas trí Ghaeilge. Sin atá i gceist le Geabaire: rochtain chothrom ar an nGaeilge ionas gur féidir le húsáideoirí AAC³ – gléas cainte – cumarsáid a dhéanamh, foghlaim agus páirt a ghlacadh.

Peadar Mac Gaoithín

Ní fada go raibh Julia lárnach i bhforbairt na huirlise agus tá sí i mbun PhD anois faoi cad é mar is féidir an córas cumarsáide breisithí agus malartaí seo a aistriú chuig mionteangacha eile.

Cristín Ní Chairealláin, Príomhoide Ghaelscoil Eoin, Baile Átha Cliath 4

Tá na pictiúir agus na híomhánna go hiontach agus ansin tagann guth amach as. Tá sé lárnach sa rang sa mhéid is go dtarraingíonn sé na páistí chuig Conall agus go minic is féidir leis tarlú go mbeadh duine nach bhfuil mórán focal acu sórt a bheith ar an imeall. Agus ní bheadh páistí ag teacht chucu, b'fhéidir. Ach leis an ngléas seo is ábhar suime é agus tagann na páistí chuig Conall chun a bheith páirteach sa ghléas cainte agus an Geabaire.

Neasa Ní Chiaráin, Ollamh Cúnta le Teicneolaíocht Urlabhra & Teanga don Ghaeilge, TCD

Tá sé tábhachtach do pháistí go bhfuil guth acu; go bhfuil siad ábalta cumarsáid a dhéanamh sa timpeallacht ina bhfuil siad. Tá sé thar a bheith tábhachtach, mar shampla, go bhfuaimníonn siad cosúil leis na cairde ar scoil. Ní fhéadfá guth Chiarraí, mar shampla, nó guth le canúint Chiarraí a thabhairt do pháiste atá lonnaithe i nGaoth Dobhair, mar shampla.

Peadar Mac Gaoithín

Tá an uirlis seo le fáil saor in aisce, a deir na taighdeoirí.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ a chuideos = a chuideoidh

² Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

³ Augmentative and Alternative Communication = Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

B: FOCLÓIR

1. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill.
2. Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile. Freagraí:

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
forbartha	<i>developed</i>	gléas cainte	<i>speech device</i>
siombailí	<i>symbols</i>	rochtain chothrom	<i>equal access</i>
a bhuíochas do	<i>thanks to</i>	lárnach	<i>central</i>
go sonrach	<i>specifically</i>	mionteangacha	<i>minority languages</i>
taighdeoirí	<i>researchers</i>	ar an imeall	<i>on the margins, on the sidelines</i>
urlabhra	<i>speech</i>	lonnaithe	<i>based, located</i>

3. Abair leo an cleachtadh a dhéanamh ina mbeirteanna. Mínigh dóibh gurb iad na focail atá díreach pléite acu atá sa tábla agus nach bhfuil ach freagra ceart amháin i ngach cás. Bí cinnte ag an bpointe seo go bhfuil na leaganacha cearta Béarla scríofa acu sna colúin chuí.

Freagraí: 1. b / 2. c / 3. a / 4. b / 5. c / 6. a / 7. b / 8. c / 9. a / 10. b / 11. a / 12. c

4. B. (ionas go = *in order that*)
5. C. Tá baint ag na cinn eile le labhairt.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cár forbraíodh an uirlis nua?	<i>I gColáiste na Tríonóide (i mBaile Átha Cliath).</i>
2. Cad is féidir le Conall a dhéanamh anois, a bhuíochas do Gheabaire?	<i>B</i>
3. Is é Conall an t-aon duine de pháistí Julia a úsáideann gléas cainte.	<i>B. Úsáideann beirt dá páistí gléas cainte.</i>
4. Cén tslí a gcuideoidh Geabaire le páistí Julia a bheith páirteach san oideachas trí Ghaeilge?	<i>Beidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh, foghlaim agus páirt a ghlacadh san oideachas trí Ghaeilge.</i>
5. Tá Julia ag déanamh PhD anois faoi úsáid na huirlise i mionteangacha eile.	<i>A</i>
6. Cén tionchar a bhíonn ag an ngléas ar an rang, dar leis an bpríomhoide?	<i>A</i>
7. Cad atá tábhachtach, dar le Neasa Ní Chiaráin?	<i>C</i>
8. Cé mhéad a chosnaíonn Geabaire?	<i>Tada. Tá sé saor in aisce.</i>

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-ainm briathartha le cuspóir)

- a) *a chur, a chumadh / a fhorbairt*. Tá an cuspóir roimh an ainm briathartha, agus cuirtear séimhiú i ndiaidh **a**.
- b) Freagraí:

- Bíonn Conall (**ag úsáid an ghléis** / ~~an gléas a úsáid~~) gach lá.
- Ba mhaith le Julia (~~ag aistriú an chórais~~ / **an córas a aistriú**).
- Bhí na páistí (**ag cur ceisteanna** / ~~ceisteanna a chur~~) ar Chonall.
- Anois is féidir le Conall (~~ag labhairt Gaeilge~~ / **Gaeilge a labhairt**).
- Tá na taighdeoirí (**ag forbairt aipeanna nua** / ~~aipeanna nua a fhorbairt~~).

Úsáidtear **ag** + ainm briathartha nuair a bhíonn gníomh ar siúl agus bíonn an t-ainmfhocal cinnte sa ghinideach (*an gléas* → *ag úsáid an ghléis*). Úsáidtear cuspóir + **a** + ainm briathartha i ndiaidh *ba mhaith le, is féidir le, caithfidh, ag iarraidh* srl.

- c) Freagraí:

- Ba mhaith le Conall **páirt a ghlacadh** sa rang.
- Tá Julia ag iarraidh **an córas a fheabhsú**.
- Is féidir leis an aip **guth a thabhairt** do pháistí.
- Caithfidh na taighdeoirí **aip nua a fhorbairt**.
- Ní féidir liom **na focail a chur** le chéile.
- An féidir leat **an focal sin a fhuaimniú**?
- Ba bhreá liom **teanga nua a fhoghlaim**.
- Bíonn sé deacair **an ríomhaire a oscailt** ar maidin.

- d) Beidh freagraí éagsúla ag na foghlaimoirí bunaithe ar a saol féin.

2: Cruinneas gramadaí (Tinnis & mothúcháin)

Tá tinnis cinn orm atá ceart. Úsáidtear **ar** le tinnis agus le mothúcháin a thagann orainn (slaghdán, tart, ocras, eagla, áthas). Úsáidtear **ag** le rudaí atá againn (*Tá peann agam*).

E: CUMARSÁID

1: Caint

- a) Gearr amach na teachtaireachtaí atá ag deireadh na nótaí seo agus cuir i gclúdach litreach iad. Bíodh clúdach litreach amháin agat le haghaidh gach grúpa. Léigh trí na treoracha agus tríd an gcomhrá samplach leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair deis dóibh an cluiche a imirt ansin.
- b) Léigh trí na ceistanna ar fad le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí gach rud agus an méid atá le déanamh. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo le linn na cainte.

ar scoil: An bhfuil obair bhaile againn? / An féidir liom dul go dtí an leithreas?

i gcaifé: Ba mhaith liom seacláid the, le do thoil.

ag cóisir: Breithlá sona duit! / Ar mhaith leat damhsa?

ag cluiche spóirt: Cé atá ag buachan? / Maith thú!

ar thuras scoile: Cá bhfuil an bus? / Tá tuirse orm.

sa bhaile le cairde: Ar mhaith leat féachaint ar scannán?

2: Scríobh

Abair leo an nóta a scríobh. Freagra samplach:

A Mham,

Tá scornach thinn orm agus níl mé in ann labhairt inniu.

Tá tinnis cinn orm freisin agus tá tuirse an domhain orm.

An féidir leat cupán tae le mil agus líomóid a dhéanamh dom, le do thoil?

Tá tart orm ach níl ocras orm.

Ba mhaith liom luí ar an tolg agus mo leabhar a léamh.

An féidir leat glaoch ar an scoil agus a rá go bhfuil mé tinn?

Ná déan dearmad ar an madra – caithfidh duine éigin é a thabhairt amach ag siúl.

Go raibh míle maith agat!

Grá mór,

Síle

Cuir béim ar na struchtúir: *tá ... orm* agus cuspóir + a + ainm briathartha.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Na teachtaireachtaí (le gearradh ag an múinteoir agus le cur i gclúdach):

Tá ocras orm agus ba mhaith liom cáca milis a ithe.
Tá tuirse orm agus ba mhaith liom dul abhaile.
Ba bhreá liom peil a imirt leat ag am lóin.
Tá eagla orm roimh an madra mór sin.
Tá mo dheirfiúr seacht mbliana d'aois inniu agus tá cóisir againn.
Tá mo pheann caillte agam. An féidir liom do pheann a fháil ar iasacht?
Tá sé ag cur báistí agus ní féidir linn dul amach.
Tá áthas orm mar fuair mé cat nua.
Tá tart orm agus ba mhaith liom gloine uisce a ól.
Tá mé tinn agus ní féidir liom dul ag snámh inniu.
Ba mhaith liom ticéad a cheannach don cheolchoirm Dé Sathairn.
Tá triúr deartháireacha agam agus imríonn siad ar fad iománaíocht.
Tá fearg orm mar chaill mé deich euro.
Tá imní orm mar tá scrúdú agam amárach.
Beidh m'athair seasca bliain d'aois amárach agus tá cáca mór againn.
Ba bhreá liom dul go dtí an trá leat Dé Domhnaigh.